

Ár mBealach Chun Cinn

Plean Straitéiseach 2025-27



ombudsman
do leanaí
for children

Réamhrá ó Niall



Dr. Niall Muldoon
Ombudsman do Leanaí

Is é *Ár mBealach Chun Cinn 2025-2027* an ceathrú Plean Straitéiseach a réitíodh faoi mo stiúir ó ceapadh i ról an Ombudsman do Leanaí mé 10 mbliana ó shin. Baineann tábhacht ar leith leis an bplean seo freisin toisc go mbaineann sé leis na blianta a thagann díreach tar éis don oifig seo Comóradh 20 bliain a bunaithe a dhéanamh sa bhliain 2024.

Leagadh amach an straitéis seo mar fhreagairt ar thírdhreach sochpholaitiúil agus eacnamaíoch atá ag athrú go tapa. Aithnítear inti an dul chun cinn atá déanta ó thaobh cearta leanaí de, agus aithnítear an mharbhántacht agus an dul ar gcúl i réimsí áirithe freisin. Leagtar amach uailmhianta Oifig an Ombudsman do Leanaí in *Ár mBealach Chun Cinn* agus is i gcomhthéacs na nithe a chuireann cearta leanaí i mbaol amhail costais mhaireachtála atá ag méadú, ganntanais tithíochta, athruithe polaitiúla, agus éiginnteacht dhomhanda a leagtar amach iad.

Tá *Ár mBealach Chun Cinn* leagtha amach ar bhealach gur féidir é a leasú gan stró má thagann saincheistanna nua chun cinn sa tírdhreach athraitheach seo. Glacaimid freagracht orainn féin trí chur chuige córasach agus creat cinnteoireachta atá bunaithe ar fhianaise a ghlacadh maidir le tosaíochtaí a roghnú. Teastaíonn uainn bunchúiseanna



na saincheisteanna a fháil amach agus ár gcumhachtaí a úsáid chomh fada agus is féidir chun an méid is mó a bhaint amach.

Agus an Plean Straitéiseach seo á chur le chéile againn, lorgaíomar ionchur ó pháirtithe leasmhara seachtracha, ó bhaill foirne agus ó Phainéal Comhairleach na nÓg. Bhaineamar leas as sonraí atá ar fáil dúinn cheana laistigh dár nOifig, sonraí a bailíodh ó imscrúduithe, taighde agus beartas agus as na blianta fada taithí atá caite againn ag éisteacht lena raibh le rá ag leanaí.

Táim sásta gurb é seo an Plean Straitéiseach is uailmhianaí dár gcuid go dtí seo agus sin mar ba chóir dó a bheith agus sinn ag tacú le leanaí an lae inniu sa tréimhse éiginnte athraitheach seo nach bhfacthas a leithéid riamh cheana.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leo siúd go léir a chabhraigh linn an plean seo a chur i dtoll a chéile, agus go háirithe leis na daoine óga a mbíonn a nguthanna mar threoir againn inár gcuid oibre gach lá.





Maidir linne

Bunaíodh Oifig an Ombudsman do Leanaí (OOL) faoin Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002 agus cuireadh tús lena cuid oibríochtaí i mí Aibreáin 2004. Is comhlacht reachtúil neamhspleách sinn a bunaíodh chun cearta agus leas leanaí agus daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois atá ina gcónaí in Éirinn a chur chun cinn agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu.

Faoin Acht 2002, seo a leanas ár bpríomhról agus ár bhfreagrachtaí:

1. Cearta agus leas leanaí agus daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois a chur chun cinn.
2. Imscrúdú neamhspleách a dhéanamh ar ghearáin a dhéanann leanaí agus daoine óga nó a dhéantar ar son leanaí agus daoine óga faoi ghníomhaíochtaí scoileanna, ospidéal dheonacha agus comhlachtaí poiblí a bhfuil tionchar diúltach acu nó a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar leanbh nó ar leanaí.

Tá ár nOifig ina comhlacht reachtúil neamhspleách, agus táimid freagrach go díreach don Oireachtas as feidhmiú ár bhfeidhmeanna reachtúla faoin Acht 2002.



Réamhrá

Agus ár bPlean Straitéiseach nua á ullmhú againn, rinneamar an-chuid comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Painéal Comhairleach na nÓg (YAP), ENRanna, ranna rialtais, agus ár bhfoireann.

Beidh an Plean Straitéiseach seo ina threoir againn maidir lenár dtosaíochtaí ó 2025 go 2027. Is doiciméad é an Plean Straitéiseach seo a mbainfimid úsáid as ó lá go lá, beidh sé ina threoir againn maidir le cinnteoireacht, pleanáil agus tosaíochtaí sna trí bliana atá amach romhainn. Tá an bealach chun cinn leagtha amach go soiléir ann ach ag an am céanna baineann solúbthacht leis sa chaoi gur féidir é a leasú gan stró má thagann saincheisteanna nua a bhaineann le leanaí agus daoine óga chun cinn.

Ceapadh an Plean Straitéiseach seo chun freagairt do na dúshláin atá ann cheana féin agus do na cinn atá ag teacht chun cinn agus chomh maith leis sin ceapadh é chun deiseanna a thapú chun cosaint agus cur chun cinn chearta leanaí a neartú.

Táimid tiomanta dár straitéis a chur i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise chun tosaíochtaí bliantúla a roghnú, trí rannpháirtíocht ghníomhach lenár bpáirtithe leasmhara, agus trí mhonatóireacht leanúnach a dhéanamh ar ár ndul chun cinn.

Léiríonn an Plean seo céim shuntasach chun cinn maidir le sochaí a fhorbairt ina dtacaítear le cearta agus leas gach linbh agus duine óg, rud a chinntíonn go mbeidh todhchaí níos fearr agus níos cothroime i ndán don chéad ghlúin eile.



Ár gCuspóir

Is é an cuspóir atá againn ná a bheith ar an institiúid neamhspleách um chearta leanaí a fheidhmíonn in Éirinn.

Déileáilimid le gearáin a dhéanann leanaí, nó a dhéantar ar son leanaí, faoi eagraíochtaí poiblí chun seirbhísí a fheabhsú do leanaí atá ina gcónaí in Éirinn.

Éistimid lena bhfuil le rá ag leanaí agus daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois agus cuirimid a gcearta chun cinn.

Úsáidimid an chumhacht atá againn chun eolas a dhéanamh do bheartas agus reachtaíocht agus chun an rialtas a thabhairt chun cuntais.

Ár bhFís

Go dtabharfar meas ar chearta gach linbh in Éirinn, go gcosnófar na cearta sin agus go gcomhlíonfar iad i gcomhréir le CNACL.

Go mbeidh tuiscint ag gach leanbh ar a gcearta féin agus go dtabharfar aird mar is cuí ar na cearta sin maidir le cinnteoireacht an rialtais.

Go ndéanfaidh OOL a bhfuil ar a chumas chun a chinntiú go mbeidh gach leanbh in ann barr a c(h)umais a bhaint amach.



Ár Luachanna

Meas

Táimid tiomanta do chineáltas agus meas a léiriú ar gach duine, bídís ina leanbh nó ina dhuine fásta, agus sinn i dteagmháil leo laistigh nó lasmuigh dár nOifig. Déanaimid ár ndícheall freisin lucht saothair éagsúil, ionchuimsitheach, agus cothrom a chothú chomh maith le tacú leo.

Ionracas

Geallaimid go ngníomhóimid go macánta agus go hoscailte inár gcaidreamh laistigh den Oifig agus le gach duine lena bpléimid. Déanaimid ár ndícheall muintín a chothú agus cumarsáid shoiléir oscailte a dhéanamh i gcónaí agus sinn ag déileáil le leanaí agus daoine óga, gearánaigh, comhlachtaí poiblí agus baill foirne.

Neamhspleáchas

Táimid tiomanta do mheas a bheith againn ar ár neamhspleáchas agus tiomanta dá chosaint ionas go bhféadfaimis labhairt amach nuair is gá, gan scáth gan eagla, agus eagraíochtaí poiblí a thabhairt chun cuntais.





Ár Luachanna

Misneach

Táimid meáite do chearta leanaí agus daoine óga a chur chun cinn. Beidh orainn glacadh le brú agus ábhar díomá agus sinn sa tóir air seo, ach is cinnte go mbainimid an-sásamh as tabhairt faoi dhúshláin thairbheacha ionas gur féidir linn a bheith féinmhachnamhach de shíor inár gcuid oibre.

Cothrom na Féinne

Geallaimid go mbeimid cothrom i gcónaí agus sinn ag plé le baill foirne, leanaí agus daoine óga, gearánaigh agus gníomhaireachtaí poiblí. Is í Cothrom na Féinne bunchloch na hiontaoibhe agus an ionracais laistigh agus lasmuigh den Oifig.

Spraoi

Tá rún daingean againn am a chur i leataobh le haghaidh spraoi agus é sin a spreagadh laistigh den timpeallacht oibre. Is gné thábhachtach í seo de chultúr oibre dearfach, rud a chabhraíonn linn ár misneach a choinneáil agus sinn i mbun oibre atá deacair agus an-íogair gach aon lá.



A bhfuil le Rá ag Leanaí agus Daoine Óga

Bhí Painéal Comhairleach Óg OOL ar cheann de na príomhpháirtithe leasmhara sa phróiseas comhairliúcháin. D'aithin OOL go raibh tábhacht ar leith ag baint lena gcuid dearchthaí agus tuairimí agus dá bhrí sin cuireadh san áireamh iad agus plean solúbtha inoiriúnaithe á fhorbairt ionas gur féidir freastal ar riachtanais leanaí agus daoine óga de réir mar a athraíonn na riachtanais sin.

Teicneolaíocht:

“Táimid ag caitheamh an iomarca ama ar scáileáin - iPadanna, fóin, gach rud. Bíonn tionchair aige sin ar ár sláinte.”

Míshuaimhneas:

“Tá líon mór leanbh ag teacht ar imirce go hÉirinn mar gheall ar an gcogadh, rud a tharraingíonn conspóid. Bíonn roinnt daoine ag argóint faoi sin.”

Scrúduithe Scoile:

“Bíonn an-chuid brú ar dhaltaí an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteiste. Bíonn an t-uafás obair scoile le déanamh againn, rud a fhágann ualach trom orainn.”

Coireacht Fuatha agus Tionchar an Idirlín:

“Is ó dhaoine fásta a fhoghlaimíonn leanaí coireacht fuatha, ciníochas agus trasfhóibe. Chomh maith leis sin, tugtar na nithe sin faoi deara ar an idirlín níos minice ná riamh.”

Immigration:

“Déantar bagairt ar dhídeanaithe. Ní bhraitheann leanaí sábháilte dá bharr sin.”

Spriocanna Straitéiseacha

2025-2027





CNACL a thabhairt isteach sa dlí

Gníomhóimid chun a chinntiú go ndéanfar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL) a thabhairt isteach go díreach agus go hiomlán sa dlí intíre.

Tabharfaimid eagraíochtaí, acadóirí agus daoine óga le chéile chun treoir straitéiseach a leagan amach maidir le CNACL a thabhairt isteach go hiomlán agus go díreach i ndlí intíre na hÉireann.

Tá sé mar aidhm againn cearta leanaí a leabú i mbeartas, i ndlíthe agus i gcinnteoireacht náisiúnta.

Rachaimid i dteagmháil go díreach le leanaí agus daoine óga agus cuirfimid clár láidir feabhsaithe oideachais ar fáil chun cearta leanaí a chur chun cinn ar fud na sochaí agus déanfaimid cinnte de go dtiocfar ar chomhaontú polaitiúil agus go bhfaighfear tacaíocht pholaitiúil ina leith sin.

2.

Spreagadh, Oideachas agus Dúshlán

An Rialtas, comhlachtaí poiblí agus polaiteoirí a spreagadh, oideachas a chur orthu agus a ndúshlán a thabhairt i ndáil le cearta leanaí d'fhonn bonn eolais níos fearr a chur faoina gcinnteoireacht ionas go gcuirfear athruithe i bhfeidhm ar fud an chórais ar mhaithe le leanaí.

Gníomhóimid chun athruithe dearfacha fadtéarmacha a chur i bhfeidhm ar fud an chórais trí dhúshlán a thabhairt do chomhlachtaí poiblí agus polaiteoirí maidir le cearta leanaí, trí thionchar a bheith againn orthu agus trí oideachas a chur orthu i ndáil le cearta leanaí, agus trína chinntiú go gcuirfear leanaí san áireamh i bpróisis chinnteoireachta.

Déanfaimid monatóireacht ar na gealltanais maidir le leanaí agus daoine óga a tugadh sa Chlár Rialtais don 34ú Dáil agus ar na gealltanais a thabharfar tráth na dtimthriallta buiséid, agus iarrfaimid ar pholaiteoirí na gealltanais sin a chomhlíonadh. Oibreoidimid i gcomhar le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais chun go mbeidh tionchar againn ar athrú beartais agus chun saincheisteanna um chearta leanaí a chur chun cinn.

3.

Cur lenár Stór Eolais agus Taighde a Dhéanamh

Cur lenár stór eolais agus taighde a dhéanamh ar na saincheisteanna reatha/ atá ag teacht chun cinn a mbíonn tionchar acu ar leanaí, agus ar ghrúpaí leochaileacha go háirithe. Cuirfidh tuairimí na leanaí bonn eolais faoin obair seo.

Rachaimid i mbun taighde agus comhairliúchán le leanaí agus daoine óga, déanfaimid teagmháil le ENRanna agus coimisiúnóimid taighde ar shaincheisteanna reatha agus saincheisteanna atá ag teacht chun cinn.

Bainfimid leas as ár stádas mar eagraíocht iontaofa um chearta leanaí agus daoine óga chun a bheith ar an eolas i gcónaí agus chun a bheith réamhghníomhach maidir leis na saincheisteanna leanúnacha/atá ag teacht chun cinn a mbíonn tionchar acu ar leanaí agus daoine óga.

Beidh tuairimí leanaí agus daoine óga, gearáin a fhaighimid agus saincheisteanna atá ag teacht chun cinn sa tsochaí mar bhonn eolais faoinár gcuid oibre agus is féidir linn difríocht a dhéanamh mar gheall ar chumhacht ár nOifige.

4.

Daoine a chur ar an Eolas faoi OOL

Leanaí agus a n-ionadaithe a chur ar an eolas faoi OOL.

Cuirfimid leanaí, tuismitheoirí agus ionadaithe ar an eolas faoinár nOifig agus faoinár ról ionas go mbeidh tuiscint acu ar an obair a dhéanaimid agus ar na bealaí ar féidir linn tacú leo.

Cuirfimid obair ár n-Oifige chun cinn trí leas a bhaint as modhanna fógraíochta agus cumarsáide, trí theagmháil dhíreach a dhéanamh le gairmithe a oibríonn le leanaí, trí oideachas a chur ar leanaí agus trí eolas a chur ar fáil do scoileanna.

Déanfaimid forbairt ar ár gcuid oibre for-rochtana leis na leanaí a mbíonn sé deacair orthu teagmháil a dhéanamh linn, reáchtálaimid imeachtaí agus freastalóimid orthu, agus coimisiúnóimid taighde feasachta poiblí.

Déanfaimid cinnte de go mbeidh lántuiscint ag ár bpáirtithe leasmhara ar an obair a dhéanann foireann ár nOifige, tuiscint ar ár ról maidir le gearáin agus imscrúduithe san áireamh.

5.

An Caighdeán is Airde ar fad a leagan síos dár Seirbhís um Ghearáin

Barr feabhais a chur ar éifeachtacht agus tionchar ár seirbhíse um ghearáin agus imscrúduithe.

Déanfaimid cinnte de go mbeidh ár seirbhís um ghearáin agus imscrúduithe an-éifeachtach agus go mbeidh tionchar dearfach aici ar leas leanaí.

Beidh creat um chearta leanaí ina chuid lárnach dár bpróiseas bainistíochta gearán.

Déanfaimid ár bpróisis níos éifeachtaí agus úsáidfimid sonraí chun bonn eolais a chur faoi chinntí ionas gur féidir linn feabhas a chur ar thionchar ár seirbhísí ar leanaí agus daoine óga agus ar a n-ionadaithe.

6.

Tacaíocht a thabhairt dár mBaill Foirne

Tacaíocht a thabhairt dár mbaill foirne chun go mbraithfidh siad go bhfuil ardmheas againn orthu, chun go mbeidh siad in ann barr a gcumais a bhaint amach agus chun go mbeidh OOL ina háit iontach le bheith ag obair.

Cuirfimid timpeallacht thacúil nuálach oibre ar fáil.

Geallaimid go gcuirfimid creat sláinte agus folláine i bhfeidhm, agus go dtacóimid le foghlaim agus forbairt foirne.

Díreoidimid ar chumarsáid inmheánach freisin, cothóimid cultúr níos nuálaí agus cuirfimid tionscnaimh idir aonaid éagsúla chun cinn.



An Oifig a Neartú

Úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní daonna, airgeadais, sonraí, digiteacha agus oibríochtúla, agus na hacmhainní sin a choimeád slán ionas gur féidir sainordú na hOifige a chomhlíonadh.

Oibreoimid chun úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní daonna, airgeadais, sonraí, digiteacha agus oibríochtúla, agus chun na hacmhainní sin a choimeád slán ionas gur féidir linn sainordú ár nOifige a chomhlíonadh.

Lorgóimid maoiniú breise de réir mar is gá, bunaithe ar fhianaise shoiléir, agus úsáidfimid ár gcuid acmhainní ar bhealach cruthaitheach éifeachtach.

Déanfaimid cinnte de go mbaileoimid na sonraí cearta chun tacú le cinnteoireacht atá bunaithe ar eolas.

Bainfimid úsáid as na huirlisí agus córais theicneolaíochta is déanaí atá ar fáil chun na Spriocanna Straitéiseacha sa phlean seo a bhaint amach agus cuirfimid oiliúint bhreise ar an bhfoireann de réir mar is gá.

Ombudsman for Children's Office

Millenium House
52–56 Great Strand Street
Dublin 1
D01 F5P8

T: 01 865 6800

F: 01 874 7333

E: oco@oco.ie

www.oco.ie

@OCO_Ireland